# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann de dha thopaic.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Printísigh Dhoire***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén éide thraidisiúnta a bhí ar na máirseálaithe?

   (b) Cad iad na cineálacha ceoil a bhí ag tionlacan na máirseálaithe i ndoiciméad B?

   (c) De réir dhoiciméad B, cén fáth a ndearna muintir Thaobh an Bhogaigh gearán gur mhothaigh siad mar ainmhithe sa zú?

   (d) De réir dhoiciméad A, cén tiúin a bhí as áit? (20)

2. (a) Déantar cur síos i ndoiciméad B ar mháirseáil na bPrintíseach mar 'mhórshiúl sollúnta'. An dtacaíonn doiciméad A leis an gcur síos sin nó an mbréagnaíonn sé é? Cuir fáthanna le do fhreagra.

   (b) Ón bhfianaise sna doiciméid, an aontófá go raibh tábhacht ag baint le reiligiún do na Printísigh agus do mhuintir Thaobh an Bhogaigh araon? Cuir fáthanna le do fhreagra.
(20)

3. (a) Conas a léiríonn doiciméad B na teannais a bhí tar éis teacht chun cinn i dTuaisceart Éireann idir dhátaí an dá mháirseáil, 1967 agus 1969? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Conas a léiríonn na doiciméid atá tugtha láidreachtaí agus laigí a bhaineann le saothar iriseoirí mar ábhar d'fhoinsí staire?
(20)

4. Cén tábhacht a bhain le gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire d'Aontachtaithe agus do Náisiúnaithe araon i dTuaisceart Éireann?
(40)

## -Doiciméad A-

**Léiriú a thug Fergus Pyle, do *The Irish Times* (Baile Átha Cliath), ar mháirseáil Phrintísigh Dhoire, 12 Lúnasa 1967.**

Thit báisteach a bhí thar a bheith trom i nDoire ar an Satharn, ach mháirseáil na Printísigh an bealach a bhí ceaptha dóibh lena gcuid meirgí ar foluain agus a gcuid bannaí ag lascadh amach na bhfonn traidisiúnta. Ina bhealach féin, is féile phobail iontach atá ann. Agus tá dea-ghiúmar ag baint leis nach bhfuil chomh feiceálach sin ag ócáidí ceiliúrtha eile i gCúige Uladh.

Bhí éidí traidisiúnta á gcaitheamh acu: babhlaeir agus saiseanna corcairdhearga (coiléiríní i ndáiríre) agus bónaí móra chun a thaispeáint cé na hionaid atá ag lucht a gcaite sa chlub. Le hais na mbratacha, ar an dá thaobh, bhí fir ag máirseáil agus claimhte nochta acu.

Ar maidin, d'fhreastail slua mór ar sheirbhís ag an ardeaglais chun éisteacht le seanmóir a mhol a bheith srianta i leith daoine a bhain le reiligiúin eile agus an oidhreacht Phrotastúnach a chosaint go diongbháilte.

Uaidh sin amach, bhí na sráideanna lán le fir agus iad ag máirseáil agus bhí an t-aer lán le ceol ó bhannaí airgid, cairdíní, píob agus fliúiteanna. Ba iad na foinn thraidisiúnta a bhí acu – "Derry's Walls", nádúrtha go leor, "The Boyne Water" agus, aisteach le rá, an t-amhrán mórchlúiteach Seacaibíteach, "Will Ye No' Come Back Again".

(Foinse: *The Irish Times,* 14 Lúnasa, 1967)

## -Doiciméad B-

**Scríobh Max Hastings, a rinne tuairisciú as Tuaisceart Éireann do *The Evening Standard* (Londain), mar seo a leanas faoi mháirseáil 1969:**

Thosaigh mórshiúl sollúnta Phrintísigh Dhoire go han-suaimhneach, maidin an 12 Lúnasa. Bhí na mílte díobh ann, lena gcultacha céillí, a gcuid babhlaer, bannaí fliúiteanna agus bannaí drumaí. Bhí a gcuid banchéilí ag faire ó bhallaí na cathrach, iad gléasta in éadaí an Domhnaigh.

Rinne na Caitlicigh i dTaobh an Bhogaigh, thíos in íochtar na cathrach, gearán gur mhothaigh siad mar ainmhithe sa zú agus lucht féachana agus Printísigh ag dearcadh síos thar na forbhallaí, chun féachaint isteach sa choire Caitliceach thíos fúthu. I dTaobh an Bhogaigh, bhí siad in ann fuaim na mbannaí agus na foinn Phrotastúnacha a chloisteáil – "The Wearing of the Sash" agus "Derry's Walls" á seinm arís agus arís eile.

Le toil an phobail, i ndiaidh do cheannairí measartha na gCaitliceach obair dhian a dhéanamh, d'fhan formhór na gCaitliceach sa bhaile le linn na máirseála, iad tinn de Phrotastúnaigh agus de bhaic phóilíní, d'fheithiclí círéibe agus de bhualadh drumaí. Ach bhí múisiam orthu agus iad cantalach agus imníoch.

(Foinse: Max Hastings, *Ulster 1969: The Fight for Civil Rights in Northern Ireland*, Londain, 1970)

## ROINN 2: ÉIRE
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*
### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe a tháinig ar na struchtúir pholaitiúla in Éirinn, 1815-1870? (100)
2. Conas a thosaigh an Gorta agus cén fáth ar mhair sé chomh fada? (100)
3. Cad a chuir Charles Kickham agus/nó James Stephens leis an bhFíníneachas? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le féiniúlacht chultúrtha/chreidimh in Éirinn: William Carleton; Tomás Dáibhéis; an Cairdinéal Paul Cullen? (100)

*Éire: Topaic 2*
### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun Rialtas Dúchais a bhaint amach, 1870-1886, agus cén fáth nár éirigh leis na hiarrachtaí sin? (100)
2. Conas a d’fhorbair an tAontachas le linn na tréimhse 1886-1914? (100)
3. Cad a chuir Dubhghlas de hÍde agus/nó W.B.Yeats leis an saol cultúrtha in Éirinn?(100)
4. Cé chomh héifeachtach agus a chuaigh James Larkin i mbun feabhsuithe a lorg don lucht oibre? (100)

*Éire: Topaic 3*
### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hÉireann: Pádraig Mac Piarais; Artúr Ó Gríofa; An Chuntaois Markievicz? (100)
2. Conas a chuir rialtas na hÉireann le comhdhlúthú an daonlathais, 1922-1932? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag Éamon de Valera mar cheannaire polaitiúil? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag imeachtaí idirnáisiúnta ar Thuaisceart Éireann le linn na tréimhse 1932-1945? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1840-1914, cén fáth a ndeachaigh an oiread sin Éireannach ar imirce chuig na Stáit Aontaithe agus cé chomh mór agus a comhshamhlaíodh iad? (100)
2. Cén fáth a raibh conspóid ag baint le misean Éamon de Valera go Meiriceá (Meitheamh, 1919 - Nollaig, 1920)? (100)
3. Cad iad na príomhdhúshláin shóisialta agus eacnamaíochta a raibh ar Éireannaigh aghaidh a thabhairt orthu sa Bhreatain, 1920-1966? (100)
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le misinéirí Éireannacha sa Afraic agus/nó san Áise? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. I rith na tréimhse 1949-1989, cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: oideachas; sláinte; leas sóisialta? (100)
2. Cé acu ba mhó a raibh tionchar aige ar Phoblacht na hÉireann, ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe nó ballraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa? Déan do chás a áiteamh, ag tagairt dóibh araon. (100)
3. Cad a chuir Charles Haughey agus/nó Garrett FitzGerald le gnóthaí na hÉireann? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le hathrú ar dhearcthaí i bPoblacht na hÉireann: T.K Whitaker; Gay Byrne; Mary Robinson? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Robert Owen nuair a bhunaigh sé modh-shráidbhaile ag New Lanark agus cé chomh maith agus a d'éirigh le New Lanark? (100)
2. Conas a rinne duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas iarracht athrú a thabhairt chun críche: Karl Marx; Mikhail Bakunin; Feargus O'Connor? (100)
3. Cad iad na céimeanna a glacadh i dtreo aontú na hIodáile i rith na tréimhse 1815-1871? (100)
4. Cé chomh héifeachtach agus a láimhseáil Napoléon III gnóthaí inmheánacha agus eachtracha na Fraince? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhtheannais idirnáisiúnta a bhí san Eoraip, 1871-1914? (100)
2. Cad iad na fadhbanna a d'eascair as an gcaidreamh idir an Eaglais agus an Stát sa Ghearmáin agus/nó as Frith-Ghiúdachas sa Fhrainc? (100)
3. Conas a léirigh litríocht an Chéad Chogadh Domhanda stiúradh an chogaidh agus dearcthaí a bhí ag athrú ina leith? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi eolaíocht/teicneolaíocht/míochaine ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Teaghlach Krupp; aireagán agus stair luath an ghluaisteáin; Marie Curie? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a chuir Lenin agus/nó Stalin athrú sóisialta agus eacnamaíochta i bhfeidhm? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí polasaithe inmheánacha agus seachtracha Benito Mussolini? (100)
3. Cad iad na príomhthréithe a bhain leis an stát Naitsíoch sa Ghearmáin, 1933-1939? (100)
4. Cad a d'éirigh le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bhaint amach sa Bhreatain le linn na tréimhse 1920-1945: J.M. Keynes; iad siúd a ghlac páirt i Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936; Winston Churchill? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an Rúis Shóivéadach smacht a choinneáil ar Oirthear na hEorpa, 1945-1992? (100)
2. Cad iad na héifeachtaí sóisialta agus eacnamaíochta a bhain leis an bhfás in aontacht na hEorpa, 1945-1992? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Margaret Thatcher ar ghnóthaí inmheánacha agus eachtracha na Breataine? (100)
4. Cén tábhacht stairiúil a bhain le Dara Comhairle na Vatacáine agus/nó an Pápa Eoin Pól II? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an iarmhairt, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir aistarraingt na Breataine ón bPalaistín agus/nó Géarchéim Shuais, 1956 le teannas sa Mheánoirthear? (100)
2. Cén fáth ar dhealaigh Katanga ón gCongó agus conas a tharla sé go raibh gné idirnáisiúnta ag baint leis an ngéarchéim a lean é? (100)
3. Conas a rinneadh tír ilchiníoch den Fhrainc agus conas a d'fhorbair caidreamh idir ciníocha ansin sna 1980idí? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le duine amháin nó níos mó de na pearsantachtaí seo a leanas: Mohandas Gandhi; Achmad Sukarno; Chinua Achebe? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair Uachtaránacht SAM ó Roosevelt go Reagan? (100)
2. Conas a chuir Martin Luther King le gnóthaí SAM? (100)
3. Cén fáth ar chaill SAM Cogadh Vítneam agus/nó cén tábhacht a bhain leis an tuirlingt ar an nGealach? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le cultúr Mheiriceá: Marilyn Monroe; Muhammad Ali; Billy Graham? (100)

# Leathanach Bán